C/2024/5686

24.9.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2024/5686)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

'Jidvei'

PDO-RO-02854

Dáta an iarratais: 5.7.2022

1. **Ainm le clárú**

Jidvei

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

4.1. *Fíonta geala*

Tá na fíonta geala socra cothromaithe, mianrach, le haigéadacht dea-chomhtháite a thugann úire agus torthaíocht dóibh, agus tá dath scothghlas-bhuí, órbhuí go horáiste/ómra orthu. Tá siad galánta agus mín, le maothlachas taitneamhach, dea-bholaithe bláthacha agus blas torthaíoch.

Tá dea-bholaithe de bhláthanna fíniúna, bláth troim, acaicia, cíor mheala, úlla úra, piorraí, aibreoga, péitseoga agus cainchí orthu, dea-bholaithe citris líomóide, líomaí agus seadóige, dea-bholaithe plandúla de phiobair, neantóga, lusanna súgacha, féar, spíonáin, agus dea-bholaithe spíosracha agus aramatacha de bhasal, tím, marós agus rós. Agus iad ag aosú, tagann athrú ar na dea-bholaithe, is é sin go torthaí aibí, ró-aibí agus criostalaithe, subh torthaí agus mil, agus éiríonn na fíonta olartha agus iomlán.

Oighearfhíon – tá dea-bholaithe agus blasanna i dtreo dea-bholaithe meala, úra, comhsheasmhacha, suibhe róis agus torthaí coimhthíocha milse, dath ór go hómra geal, nó bándearg le loinnir chriostalta (má fhaightear iad trí mhaothú ó Traminer roz) le blasanna mealbhacáin, mangó, aibreoige, torthaí criostalaithe, bláthanna róis agus mogóirí róis, agus iarbhlas sainiúil agus marthanach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4.2. *Fíonta rosé*

Tá na fíonta rosé socra úr, veilbhitiúil, agus aigéadacht ard acu, dath bándearg róis nó bándearg an bhradáin orthu. Tá na fíonta blasta agus friseáilte, le saintréith láidir torthaíoch (torthaí foraoise, sútha talún fiáine, sméara dubha, fraocháin ghorma, torthaí dearga, silíní milse, silíní searbha, sútha talún, sútha craobh) agus bláthach (bláth an chrainn silíní, blasanna de shútha talún fiáine, de pheitil róis), le bolaithe spíosracha.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4.3. *Fíonta dearga*

Tá dath geal ar na fíonta dearga socra, idir dúdhearg agus dearg an ghairnéid, caordhearg nó donnrua, le deabholaithe de thorthaí foraoise, plumaí, sméara dubha, cuiríní, fraocháin ghorma, silíní milse, silíní searbha, sútha craobh, almóinní, le bolaithe de luibheanna aramatacha, spíosraí, caife, fanaile, seacláide, agus blas dian, iarbhlas marthanach, agus struchtúr cothrom.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4.4. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán úr agus torthaíoch, le haigéadacht a bhaineann go sonrach le *terroir* Jidvei agus mianracht shainiúil, dea-bholaithe coipthe a mhéadaítear le giosáil mhín mharthanach (mianrach, torthaíoch). Tá dath buí amhail tuí nó glasbhuí ar na fíonta geala, agus tá lí bhándearg an bhradáin ar na fíonta rosé.

Maidir leis an mboladh, tá blasanna diana sonracha d'úsc giosta ann, de réir líon na míonna a chaitear i dteagmháil leis an moirt (taos, arán, crústa aráin, *brioche*, taosrán, brioscaí agus almóinn), a athraíonn i dtreo blasanna taosráin, brioscaí agus almóinne i bhfíonta a chaith tréimhse fhada i dteagmháil leis an moirt.

Tá an blas mín agus torthaíoch, le dea-bholaithe torthaí citris, seadóige, líoma agus torthaí (úlla glasa, piorraí agus cainchí), cothromaithe, le blas agus dea-bholadh úr d'úsc giosta, agus géar, a bhuí le dé-ocsaíd charbóin a bheith ann. Agus aigéadacht ard cothromaithe ag leibhéal na siúcraí iarmharacha agus ag an uigeacht uachtarúil, tá tathag dea-shainithe ag na fíonta sin agus éiríonn siad veilbhitiúil agus maothlach le himeacht ama.

Brú breise ag 20 °C: 3,5 bar ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4.5. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán úr, le haigéadacht a bhaineann go sonrach le *terroir* Jidvei agus mianracht shainiúil, dea-bholaithe coipthe a mhéadaítear le giosáil mhín mharthanach (mianrach, torthaíoch). Tá dath dearg an rúibín orthu.

Is éard atá sa bholadh dian go príomha blasanna de thorthaí dearga (silíní agus sútha talún), le ruainníní míne de cháca agus *brioche*, de réir an ama a chaitear ar mhoirt mhín. Tá an aigéadacht beagán níos airde ach cothromaítear í le leibhéal na siúcraí iarmharacha agus leis an uigeacht uachtarúil. Cuireann sútha talún agus blasanna boga sútha craobh agus silíní leis na dea-bholaithe.

Tá an blas mín agus torthaíoch (cuiríní dearga, pomagránait, mónóga) le dea-bholaithe torthaí citris, cothromaithe agus géar, a bhuí le dé-ocsaíd charbóin a bheith ann. Tá tathag dea-shainithe ag na fíonta agus éiríonn siad veilbhitiúil agus maothlach le himeacht ama.

Brú breise ag 20 °C: 3,5 bar ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4.6. *fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Tá na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán saibhir agus léiritheach, le blasanna torthaíocha (aibreoga, fíonchaora aibí) agus bláthacha (rós, seasmain, acaicia, uaireanta bláthach-spíosrach). Tá réimse dathanna orthu ó bhuí geal le fordhathanna scothghlasa go buí órga agus fiú bándearg i gcás Traminer roz. Tá súilíní míne, marthanacha acu.

Brú breise ag 20 °C: 3,0 bar ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	6,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4.7. *Fíonta leathshúilíneacha*

Tá na fíonta leathshúilíneacha eastóscach, le haigéadacht mhaith agus broidearnach mhín. Bíonn dath scothghlasbhán, scothghlas-bhuí, buí órga nó bándearg éadrom an bhradáin (bándearg róis) nó dearg geal, i gcás na bhfíonta dearga, orthu, le dea-bholaithe bláthacha (rós, bláth troim, neantóga) nó torthaíocha (fraochán gorm, aibreog, úll glas, sú craobh). Bíonn na súilíní flúirseach agus mín, agus giosáil mharthanach ina bhfuil súilíní beaga suas go barr an ghloine.

Brú breise ag 20° C: 1,0 bar ar a laghad agus 2,5 bar ar a mhéad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	7,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	235

4.8. *Fíonta licéir*

Tá dath órga nó fiú ómra ar an bhfíon licéir ghil, dea-bholadh meala agus blas maothlach, mín air, agus tá toin dhearga bhríce ag an gcineál dearg, le blas fíneálta cuiríní agus fraochán gorm agus saintréith láidir. Tá dath bándearg domhain ar an gcineál rosé agus tá sé an-úr, torthaíoch, veilbhitiúil agus olartha. Tá imireacha dearga scothchorcra ar na fíonta dearga. Tá dea-bholaithe bláthacha róis agus seasmaine acu agus dea-bholaithe de thorthaí dea-aibí, de thorthaí criostalaithe agus subha uaireanta, le blasanna ocsaídiúcháin meala agus cíor mheala, almóinní agus gallchnónna.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	22,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	15,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

—

b. *Uastáirgeacht*

1. Traminer roz, Chardonnay, Pinot gris, Riesling de Rhin, Sauvignon, Muscat Ottonel (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Petit Manseng, Neuburger, Pinot Noir, Cabernet Sauvignon, Syrah, Fetească neagră, Merlot (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Fetească regală, Fetească albă, Riesling iodálach (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Oighearfhíon (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   6 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Traminer roz, Chardonnay, Pinot gris, Riesling de Rhin, Sauvignon, Muscat Ottonel (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Petit Manseng, Neuburger, Pinot Noir, Cabernet Sauvignon, Syrah, Fetească neagră, Merlot (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Fetească regală, Fetească albă, Riesling iodálach (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Oighearfhíon (agus farasbarr 20 % ar a mhéad i mblianta fabhracha)

   18 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Alba:

— Bardas Jidvei - sráidbhailte Jidvei, Bălcaciu, Căpâlna de Jos, Feisa agus Veseuș;

— Bardas Cetatea de Baltă - sráidbhailte Cetatea de Baltă, Sântămarie, Crăciunelul de Sus agus Tătârlaua;

— Bardas Șona - sráidbhailte Șona, Biia, Lunca Târnavei, Sânmiclăuș, Valea Sasului agus Alecuș;

— Bardas Valea Lungă - sráidbhailte Tăuni agus Făget.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaor**

Cabernet Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Iordană B - Iordovană, Iordan

Merlot N - Bigney rouge, Plant Medoc

Muscat Ottonel B - Muscat Ottonel blanc

Neuburger B - Neuburg

Petit Manseng - Mansengou, Manseng Blanc

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klăvner Morillon Noir

Pinot noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Riesling de Rhin B - Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Traminer Rose Rs - Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

Tá limistéar Jidvei faoi fhíniúnacha suite ag airde idir 250 agus 500 méadar ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh siar ó dheas, ina gcuireann teas na gréine thar thréimhsí fada mhíonna an tsamhraidh agus sruthanna atmaisféaracha le cáilíocht na bhfíonchaor. Tá éifeacht dhearfach ag dálaí ithreach agus aeráide limistéar críochaithe Jidvei, a bhfuil airdí níos airde mar shaintréith acu, le difríochtaí teochta idir lá agus oíche, radaíocht na gréine agus ceonna déanacha, ar shaintréithe na bhfíonchaor trí cháilíochtaí sonracha na gcineálacha a thabhairt amach. Cuireann an aeráid mheasartha ilchríochach, le samhraí sách te, geimhrí fuara agus taise, agus fómhair fhada agus mhíne, agus na gleannta sa limistéar faoi bhrat ceo go minic, le forbairt iontach dea-bholaithe torthaíocha/spíosracha, aigéadachta agus an fhéidearthacht breis agus 220 g/kg siúcraí a charnadh. Tá cáilíocht bhreise ag baint leis na hithreacha eiméiseabhunúsacha donna, na gnáthithreacha créúla inláisteacha donna agus na hithreacha lúvasail ag a bhfuil uigeachtaí meánacha, a chumhdaítear le sraith thorthúil húmais.

Bíonn an aeráid ilchríochach de ghnáth, le meánteocht bhliantúil 9,7 °C. Is é 8,9-9,0 comhéifeacht iarbhír sholas na gréine, agus déantar níos mó ná dhá thrian d'uaireanta an chloig gréine (1 426 uair an chloig) a thaifeadadh le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha; 617 mm (ar an meán) atá sa bháisteach bhliantúil, agus 459 mm de sin le linn an tséasúir fáis. Táscairí éiceolaíocha sintéiseacha: fíorinnéacs héiliteirmeach IHr=1,75, comhéifeacht hidriteirmeach (HTC), innéacs bithaeráide fíonsaothraithe Ibcv=6,32 agus innéacs inniúlachta fíoneolaíoch (IAOe)=4 359. Áirithítear leis na tosca sin dálaí nádúrtha le haghaidh cineálacha fíniúna le séasúr fáis measartha (170-175 lá).

Tá slabhra cnoc ag a bhfuil treoshuíomh ginearálta thiar theas i limistéar críochaithe Jidvei. Tá an tír-raon an-mhíchothrom agus cumhdaíonn sé na tírghnéithe uile. Trasnaíonn an bealach ó Lunca Târnava Mici (250-270 m) go dtí an limistéar cnocach (300-460 m) tír-raon beagán droimneach atá cumhdaithe le riasca gainmheacha agus créanna marla.

Is é ithir dhonn an príomhchineál ithreach. Ar na marlaí, ina bhfuil an screamhuisce 3-5 m ar dhoimhneacht, cruthaíodh ithreacha seornaiseoim dubha ag a bhfuil uigeacht chrédhúrabháin agus cion ard húmais. Tá ithreacha snaíochair carbónáite ann ag bun na bhfánaí agus i gcitil. Tá veirteasail forleathan freisin, ach tá ithreacha gainmheacha an-teoranta.

8.2. *Mionsonraí táirge*

Tá na fíonta geala socra cothromaithe, agus tá aigéadacht atá comhtháite go maith a thugann úire agus torthaíocht dóibh acu Bíonn dath idir scothghlas-bhuí, buí amhail tuí agus buí órga agus ómra nó oráiste orthu má dhéantar iad a mhaothú leis an marc. Tá na dea-bholaithe a thagann chun cinn ar an mboladh bláthach (bláthanna fíniúna, bláth troim, acaicia, cíor mheala); torthaíoch (úlla, piorraí, aibreoga, péitseoga, cainchí); citreas (líomóid, líoma, seadóg); plandúil (piobair, neantóga, duilleog trátaí, lus súgach, féar, spíonáin), agus spíosrach agus aramatach (basal, tím, marós, rós).

De réir mar a aosaíonn na fíonta, athraíonn na dea-bholaithe go torthaí aibí, ró-aibí agus criostalaithe, subh torthaí agus mil, agus éiríonn siad olartha agus iomlán.

Tá na fíonta rosé úr agus casta, le dea-bholaithe fíorálainn de thorthaí foraoise, sútha talún fiáine, sméara dubha, fraocháin ghorma, silíní, silíní searbha, sútha talún, sútha craobh, peitil róis, spíosraí agus plandaí aramatacha. Seasann siad amach mar gheall ar a ndath, idir bándearg an róis agus bándearg an bhradáin.

Bíonn na fíonta dearga discréideach, agus fordhathanna mealltacha orthu idir dath an rúibín agus fordhathanna corcra agus donnrua. Tá dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha, plumaí, sméara dubha, cuiríní dubha, fraocháin ghorma, silíní, silíní searbha, sútha craobh, almóinní, luibheanna aramatacha agus spíosraí, fanaile agus seacláid mar shaintréithe acu, le hiarbhlas fada agus marthanach, ach leis an aigéadacht agus an mhianracht a bhaineann go sonrach leis an limistéar agus struchtúr dea-shainithe agus cothrom.

Oighearfhíon – tá dea-bholaithe agus blasanna i dtreo dea-bholaithe meala, úra, comhsheasmhacha, suibhe róis agus torthaí coimhthíocha milse, dath ór go hómra geal, nó bándearg le loinnir chriostalta (má fhaightear iad trí mhaothú ó Traminer roz) le blasanna mealbhacáin, mangó, aibreoige, torthaí criostalaithe, bláthanna róis agus mogóirí róis, agus iarbhlas sainiúil agus marthanach.

Tá giosáil mhín, dhian agus mharthanach ar na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus léiríonn siad an chothromaíocht idir an aigéadacht a bhaineann go sonrach le *terroir* fhíonghort Jidvei, agus an mhianracht agus an torthaíocht sho-aitheanta. Leis an mboladh, déantar idirdhealú eatarthu le bolaithe diana sonracha d'úsc giosta, de réir líon na míonna a chaitear i dteagmháil leis an moirt. Taispeánann fíonta a chaith 9 mí ar an moirt bolaithe taois, aráin, crústa aráin agus *brioche*, ag forbairt i dtreo bolaithe taosráin, briosca agus almóinne i bhfíonta a chaith tréimhse fhada 3 bliana i dteagmháil leis an moirt. Sa bhéal, coinníonn siad úire ó na dea-bholaithe torthaí citris, seadóige, líoma, úill ghlais, piorra agus cainche, ach blasanna fíneálta luibheanna triomaithe freisin. Déantar an aigéadacht ard a chothromú le leibhéal na siúcraí iarmharacha agus leis an uigeacht uachtarúil. Tá struchtúr galánta agus tathag dea-shainithe acu, agus le himeacht ama éiríonn siad veilbhitiúil agus maothlach.

Tá na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán úr agus cumhracht mhealltach agus giosáil mhín, mharthanach acu. Tá cumhracht bhláthach acu den chuid is mó, agus bolaithe fíneálta seasmaine, bláthanna acaicia agus bolaithe fíneálta taois agus aráin, agus dea-bholaithe marthanacha de bhláthanna bána, peitil róis, aibreoga agus fíonchaora aibí.

Tá réimse dathanna ar na fíonta leathshúilíneacha idir scothghlas-bhán, scothghlas-bhuí nó buí amhail tuí i gcás na bhfíonta geala leathshúilíneacha, agus bándearg rós i gcás na bhfíonta rosé leathshúilíneacha, agus dearg geal i gcás na bhfíonta dearga leathshúilíneacha. Bíonn an blas mín, cothromaithe, úr, agus dea-bholaithe dea-shainithe de chineálacha (torthaíoch nó bláthach ag brath ar an gcineál fíonchaoire as a ndéantar an fíon). Tá na súilíní flúirseach, agus giosáil mharthanach le súilíní beaga suas go barr an ghloine.

Tá na fíonta licéir lán, olartha agus veilbhitiúil agus iarbhlas fada orthu, dath idir órbhuí agus ómra orthu le haghaidh na bhfíonta licéir geala, dath bándearg domhain orthu le haghaidh na bhfíonta licéir rosé, agus scothchorcra dearga le himireacha donnrua orthu le haghaidh na bhfíonta licéir dearga. Tá na dea-bholaithe bláthach, de rósanna, seasmain agus torthaí dea-aibithe agus ró-aibí, ag casadh go torthaí criostalaithe agus subha ar a bhfuil bolaithe ocsaídiúcháin, meala agus cíor mheala, almóinní agus gallchnónna.

8.3. *Idirghníomhaíocht chúisíoch idir an limistéar agus an táirge*

Na dálaí sonracha ithreach agus aeráide, agus go háirithe tús an fhómhair, a thugann teochtaí measartha, uaireanta le ceo a mhaireann, amanna eile le laethanta grianmhara, tá siad fabhrach do charnadh siúcraí agus dea-bholaithe úra torthaíocha agus bláthacha agus coimeádann siad an aigéadacht go cúramach laistigh de theorainneacha cothromaíocht chomhchuí don cháilíocht.

Tá imoibrithe ocsaídiúcháin malla mar thoradh ar an teocht mheasartha le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor, rud a chuidíonn le siúcraí agus dea-bholaithe príomhúla carnadh go leanúnach chuig leibhéil arda faoi dheireadh na tréimhse aibithe, agus a chuidíonn leis an aigéadacht a choinneáil ar leibhéil arda. Soláthraíonn an aigéadacht ard an úire atá fíor-riachtanach d'fhíon súilíneach agus leathshúilíneach ar ardchaighdeán Jidvei.

Cruthaíonn Târnava Mică miocraeráid shonrach, a bhuí le tírghnéithe a áirithíonn go bhfaigheann limistéar Jidvei dóthain solais chun na fíonchaora a aibiú, agus cuidíonn cion húmais na hithreach, a thugann dath dorcha di, le hionsú radaíochta na gréine a mhéadú, rud a bhfuil impleachtaí dearfacha aige do phatrún teochta na hithreach. Tá sé de chumas ag húmas freisin cur le comhbhailiúcháin struchtúracha a fhoirmiú, toisc go gcuidíonn a acmhainneacht stroighnithe le grabhróg na hithreach agus struchtúr gráinneach a fhoirmiú. Cuireann sé sin feabhas indíreach ar airíonna aeraithe agus hiodráitithe na hithreach trí phóiriúlacht agus tréscaoilteacht an uisce agus an aeir a mhéadú. Scaoileann comhdhúile orgánacha aigéadacha ó húmas iain H+ isteach san ithir, rud a mhéadaíonn aigéadacht na hithreach, as a dtagann an aigéadacht nádúrtha agus an mhianracht shonrach a fhaightear ina dhiaidh sin sna fíonchaora agus ansin san úrfhíon agus san fhíon, atá oiriúnach chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh, ach freisin le haghaidh fíonta socra, a thugann úire agus a áirithíonn a n-acmhainneacht aosaithe.

Cuidíonn an easpa teochtaí an-ard (tonnta teasa) leis na haigéid orgánacha sna fíonchaora a choinneáil, rud a fhágann go dtáirgtear fíon ag a bhfuil aigéadacht iomlán ard, pH íseal agus blas friseáilte. Go geografach, tá príomhról ag an macraeráid in éineacht le cáilíochtaí na gcineálacha a fhástar chun fíon licéir a fháil. Tá treoshuíomh theas na léibheann in éineacht le torthúlacht nádúrtha na talún fabhrach do charnadh siúcraí, agus na dea-bholaithe torthaíocha (torthaí aibí, torthaí ró-aibí ag iompú go torthaí criostalaithe agus subha) agus dea-bholaithe bláthacha (rós, seasmain) a shainmhíníonn na fíonta licéir.

8.4. *Toisc dhaonna*

Tá saintréithe sonracha ag na fíonghoirt i dtéarmaí méide agus an chaoi a leagtar amach na dáileachtaí agus a dtugtar aire dóibh. Eagraítear iad i ndáileachtaí móra, le sraitheanna fada lenar féidir obair bhuainte agus chothabhála mheicnithe a dhéanamh, chomh maith le léibhinn agus ardáin atá ar dheis na gréine, atá fabhrach chun fíonchaora a tháirgeadh le haghaidh fíonta geala nó rosé ardphréimhe agus sárphréimhe, chomh maith le bunfhíonta le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán agus fíonta leathshúilíneacha. Déantar an bhuaint de láimh agus ar bhealach meicnithe, agus déantar cuid den obair chothabhála ar bhealach meicnithe.

Is é cuspóir cáilíochta an ainmniúcháin tionscnaimh traidisiún áitiúil an fhíonsaothrúcháin agus na fíonóireachta a chaomhnú agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid i bhfíonghoirt agus sa phróiseas táirgthe fíona.

An roghnú agus feabhsú cineálacha fíniúna chun cáilíocht níos fearr fíonta a bhaint amach, rogha an fhréamhstoic agus an chineáil a fhástar, dlús plandála, prúnáil agus rialáil an táirgthe, úsáid leasachán, cothabháil ithreach agus úsáid cóireálacha fíteashláintíochta, tá tionchar acu uile ar cháilíocht na bhfíonchaor a fhaightear chun sainiúlacht na bhfíonta san ainmniúchán sin a chaomhnú.

Tá tionchar ar cháilíocht na bhfíonta ag cáilíocht na gcineálacha fíniúna, cáilíocht ithir dhonn na foraoise agus na dálaí comhshaoil – le haeráid ilchríochach tipiciúil den ardchlár, teochtaí measartha san fhómhar, gan athruithe tobanna teochta, ceo ar maidin agus grian san iarnóin, difríochtaí móra sa teocht idir lá agus oíche, agus tá gach ceann acu fabhrach d'aibiú mall agus próifíl aramatach leathan agus dhian, agus tiúchan siúcraí agus dea-bholaithe, chomh maith le cothromaíocht aigéadachta. Is é an toisc is tábhachtaí, áfach, na saothróirí fíniúna, a chinneann conas atá an phrúnáil le déanamh sula dtosaíonn an timthriall fáis chun táirgeadh fíonchaor amach anseo a rialáil, agus conas prúnáil ghlas a dhéanamh agus táirgeadh a rialú le linn na tréimhse aibithe, chomh maith leis na cóireálacha atá le cur.

Tá fíonlann aonair lonnaithe sa limistéar, a bhuí lena shuíomh agus lena thógáil, ina bhfuil trealamh agus innealra ardchaighdeáin, dabhcha agus umair choipthe/stórála, ina gcuireann déantóirí fíona teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus nuálacha i bhfeidhm. Tá an fhíonlann tógtha de réir dearadh sreafa domhantarraingthe le dabhcha idirnasctha, rud a ligeann do dhéantóirí fíona a laghad idirghabhála a dhéanamh sa phróiseas fíoneolaíoch agus gan sin a dhéanamh ach nuair is gá.

Ceapadh dearadh agus oibriú na fíonlainne mar fhreagairt ar an ngá atá le forbairt inbhuanaithe agus chun a áirithiú go ligeann na modhanna táirgthe sonracha don *terroir* agus don saintréith chineáil a bheith le feiceáil, go háirithe i gcás cineálacha dúchasacha, amhail Fetească regală, Fetească albă agus blas aramatach éagsúil na gcineálacha eile san fhíonghort.

Tá an chéad institiúid príobháideach fíniúnacha sa Rómáin sa limistéar geografach freisin, ina bhfuil an acmhainneacht is mó d'fhíniúnacha beangaithe in aghaidh na bliana (5 mhilliún píosa) ó chineálacha dúchasacha agus idirnáisiúnta araon, atá beartaithe chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Úsáideann Jidvei ábhar plandála a tháirgtear san institiúid príobháideach fíniúnacha, lena n-áirithítear: barántúlacht – bunáitíocht ó chineálacha agus ó chlóin atá beartaithe le haghaidh iomadaithe; sláinte – gearrthóga atá saor ó víris in-tarchurtha agus ó mhíceaplasma; cáilíocht – ailíniú le caighdeáin theicniúla sheanbhunaithe, le héifeachtaí dearfacha ar cháilíocht agus ar chainníocht an táirgthe.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Forálacha maidir le táirgeadh

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar na fíonchaora fíona óna bhfaightear fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh Jidvei acu a phróiseáil sa limistéar críochaithe comhfhreagrach nó i limistéir chomharsanacha, laistigh den aonad críche riaracháin céanna nó gar dó.

Féadfar fíonta a fhaightear ón bpróiseas táirgthe sa limistéar críochaithe ag a bhfuil an ainmniúchán tionscnaimh Jidvei a chóiriú mar chuid den phróiseas buidéalaithe agus a bhuidéalú in aonaid sa limistéar críochaithe a chumhdaítear leis an ainmniúchán nó i limistéir chomharsanacha, in aonaid atá san aonad críche riaracháin céanna nó sna haonaid críche riaracháin atá in aice leis.

Féadfar fíonta a chóiriú agus a bhuidéalú lasmuigh de chomharsanacht an limistéir chríochaithe má chomhlíontar na rialacha táirgthe a bhunaítear sa tsonraíocht le linn an phróisis, i gcomhréir leis an táirgeadh mar a shainmhínítear i gcás ainmniúchán tionscnaimh cláraithe.

Má dhéantar próiseáil fíonchaor agus cóiriú agus buidéalú na dtáirgí fíona lasmuigh de limistéar críochaithe an ainmniúcháin tionscnaimh, ní mór don táirgeoir fógra a thabhairt do ONVPV [an Oifig Náisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon] 24 uair an chloig ar a laghad roimh thús an phróisis theicneolaíoch a léirítear san fhógra, ach amháin más leis an oibreoir eacnamaíoch céanna na lárionaid fhíoneolaíocha agus/nó na saoráidí buidéalaithe agus má tá siad lonnaithe laistigh den aonad riaracháin-chríochach ina bhfuil an limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh lonnaithe, nó i gcontaetha comharsanacha (ba cheart don oibreoir sin úinéireacht a bheith aige ar na fíonghoirt, na lárionaid fhíoneolaíocha agus na saoráidí buidéalaithe nó iad a oibriú).

Nasc leis an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_sarcini_vin_doc_jidvei_modif_cf_notificarii_com_din_31.10.2023_according_note_to_com_no_track_changes.pdf